Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5177/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0003(NLE)**

**TRANS 2**
**COWEB 1**
**ELARG 3**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Eanáir 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar na rialacha maidir le tuarastail foirne Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 7 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 7 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.1.2026
COM(2026) 7 final

2026/0003 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar na rialacha maidir le tuarastail foirne Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú, coiste a bunaíodh faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('an Conradh') a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe atá beartaithe ar na rialacha maidir le tuarastail foirne Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

An 1 Bealtaine 2019 rinne Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Chosaiv[*], Montainéagró agus Poblacht na Seirbia ('Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa') an Conradh a dhaingniú. Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Chonradh, tar éis Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1]. Tháinig an Conradh i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

### 2.2. An Coiste Stiúrtha Réigiúnach

Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le hAirteagal 24 den Chonradh. Tá sé freagrach as an gConradh a riar agus as a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é mar is cuí. Chun na críche sin, déanann sé moltaí agus cinntí sna cásanna sin dá bhforáiltear sa Chonradh. Go sonrach, déanann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an méid seo a leanas:

(a) ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta;

(b) déanann sé cinntí maidir le coistí teicniúla a bhunú;

(c) déanann sé moltaí agus cinntí i gcomhréir leis an gConradh;

(d) a mhéid a bhaineann le gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais, gníomhaíonn sé de réir mar is iomchuí, go háirithe trí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh a athbhreithniú;

(e) ceapann sé Stiúrthóir na Buan- Rúnaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Aireachta;

(f) féadfaidh sé Leas-Stiúrthóir amháin nó níos mó a cheapadh ar an mBuan- Rúnaíocht;

(g) leagann sé síos rialacha na Buan- Rúnaíochta;

(h) féadfaidh sé, trí bhíthin cinnidh, leibhéal na ranníocaíochtaí buiséid a athbhreithniú;

(i) glacann sé buiséad bliantúil an Chonartha;

---

[*] Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 (1999) agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[1] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/392/oj).

(j) glacann sé an cinneadh lena leagtar síos na nósanna imeachta chun an buiséad a chur chun feidhme, cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh agus cigireachtaí a dhéanamh;

(k) déanann sé cinntí faoi dhíospóidí a chuireann na Páirtithe Conarthacha faoina bhráid;

(l) glacann sé prionsabail ghinearálta ó thaobh rochtain a fháil ar dhoiciméid, i ndáil le doiciméid atá i seilbh comhlachtaí a bunaíodh leis an gConradh, nó a bunaíodh faoin gConradh;

(m) tuarascálacha bliantúla a ghlacadh maidir le cur chun feidhme an Ghréasáin Chuimsithigh le cur faoi bhráid na Comhairle Aireachta;

(n) teorainneacha ama agus bealaí a bhunú do Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa chun gníomhartha áirithe de chuid an Aontais a thrasuí.

Ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin thar ceann gach Páirtí Chonarthaigh, sin atá ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Féadfaidh aon Bhallstát den Aontas a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir. Is d’aon toil a ghníomhaíonn an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

## 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach

Trí nós imeachta um ghlacadh i scríbhinn atá beartaithe do mhí Eanáir 2026, tá an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le cinneadh a ghlacadh lena leasófar na rialacha maidir le tuarastail foirne Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair (‘an gníomh atá beartaithe’). Leagtar síos na rialacha sin i Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair[2].

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe coigeartú tuarastail aonuaire + 20 % a chur i bhfeidhm ar an ngreille thuarastail d’fhoireann na Buan-Rúnaíochta ar dháta chur i bhfeidhm an chinnidh. Leagtar an ghreille amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an 5 Meitheamh 2019, lena leagtar síos Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair. Thairis sin, is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe tuarastail fhoireann na Buan-Rúnaíochta, atá bunaithe ar an ngreille thuarastail, a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin. Féachann sé freisin le sásra a thabhairt isteach, amhail ón 1 Eanáir 2027, le haghaidh innéacsú bliantúil thuarastail foirne na Buan-Rúnaíochta, i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bliantúil, arna fhoilsiú ag údarás staidrimh ábhartha Phoblacht na Seirbia.

Beartaíodh sa réamhphlé idir na Páirtithe Conarthacha maidir leis an ngníomh atá beartaithe go mbeadh feidhm ag innéacsú tuarastail ón 1 Eanáir 2026. Mar sin féin, fágann moilleanna ar theacht ar chomhaontú maidir le togra atá le cur isteach lena ghlacadh go bhféadfaí an nós imeachta i scríbhinn maidir le glacadh an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh a sheoladh i mí Eanáir 2026 amháin. Mar sin féin, chun leanúint de bheith comhsheasmhach leis an réamhphlé, agus chun a áirithiú go mbeidh an t-innéacsú tuarastail bliantúil ag teacht le timthriall glactha bliantúil bhuiséad an Chomhphobail Iompair, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an chinnidh atá beartaithe ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 25(1) den Chonradh, lena bhforáiltear an méid seo a leanas: ‘Beidh cinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach ina cheangal ar na Páirtithe Conarthacha (…)’.

[2] Arna ghlacadh de bhun Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an 5 Meitheamh 2019.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Leagtar amach Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Luaitear i Roinn 9.1 go ndéanfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach athbhreithniú rialta ar an scála tuarastail a chomhfhreagraíonn d'aicmiú na bpost sa Bhuanrúnaíocht, rud dá bhforáiltear san Fhoscríbhinn a ghabhann leis na Rialacháin Foirne sin. Déantar é sin chun a áirithiú go leanfaidh tuarastail de bheith iomaíoch agus i gcomhréir le ceanglais na Rúnaíochta. Mar sin féin, ní leagtar amach sna Rialacháin Foirne sásra chun tuarastail na foirne a choigeartú go bliantúil i gcomhréir leis an mboilsciú. Mar thoradh air sin, níor tháinig aon athrú ar an ngreille thuarastail ó glacadh í i mí an Mheithimh 2019. Tá cumhacht cheannaigh fhoireann na Buan-Rúnaíochta creimthe go mór aige sin.

Mar thoradh air sin, chuir an Bhuanrúnaíocht i dtábhacht go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar iomaíochas an scála tuarastail. Chuir sé sin le laghdú suntasach ar líon na n-iarratas ar phoist oscailte cheana féin, chomh maith le méadú ar iomlaoid foirne.

Dá bhrí sin, ní mór don Choiste Stiúrtha Réigiúnach an gníomh atá beartaithe a ghlacadh chun a áirithiú go leanfaidh greille thuarastail na Buan-Rúnaíochta de bheith iomaíoch, agus ar an gcaoi sin feidhmiú cuí na Buan-Rúnaíochta a áirithiú. Ós rud é gur páirtí é an tAontas sa Chonradh, is gá seasamh an Aontais maidir leis an ngníomh atá beartaithe a shuí.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*'.

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[3].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Comhlacht a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Conradh, is ea an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

Tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha na Buan-Rúnaíochta a leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 30 den Chonradh. Thairis sin, faoi Airteagal 24(1) den Chonradh, cuirtear de chúram ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Conradh sin a riar agus cur chun feidhme cuí an Chonartha a áirithiú. Ar deireadh, faoi Airteagal 35 den Chonradh, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach an buiséad agus na rialacha rialaithe airgeadais a ghlacadh. De bhun Airteagal 25(1) den Chonradh, tá cinntí ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach ina gceangal ar na Páirtithe Conarthacha. Dá bhrí sin, an gníomh a iarrtar ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis.

---

[3] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chonartha a fhorlíonadh ná a leasú leis an ngníomh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis an tráth céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad atá i ndlúthnasc do-scartha le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an chinn eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

An gníomh atá beartaithe, tá sé riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an Conradh mar is cuí. Dá réir sin, leis an gConradh, saothraítear cuspóirí agus, tá comhpháirteanna aige, i réimse an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre, ar modhanna iompair iad a chumhdaítear le hAirteagal 91 CFAE, agus i réimse an iompair de mhuir freisin, modh iompair a chumhdaítear le hAirteagal 100(2) CFAE. Ós gníomh cothrománach é, baineann an gníomh atá beartaithe leis na gnéithe sin uile.

Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe: Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE.

### 4.3. Conclúid

Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, sin iad ba cheart a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

I gcomhréir le hAirteagal 25(2) den Chonradh, tá na cinntí ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach le foilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2026/0003 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar na rialacha maidir le tuarastail foirne Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('an Conradh') a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[4] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach leis an gConradh chun an Conradh a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí.

(3) De bhun Airteagal 30 den Chonradh, cumhachtaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach cinntí a ghlacadh maidir le rialacha na Buan-Rúnaíochta. Thairis sin, faoi Airteagal 24(1) den Chonradh, cuirtear de chúram ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Conradh sin a riar agus cur chun feidhme cuí an Chonartha a áirithiú. Ar deireadh, faoi Airteagal 35 den Chonradh, tugtar de chumhacht don Choiste Stiúrtha Réigiúnach an buiséad agus na rialacha rialaithe airgeadais a ghlacadh.

(4) Tá sé beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach, trí nós imeachta um ghlacadh i scríbhinn atá beartaithe do mhí Eanáir 2026, cinneadh a ghlacadh lena leasófar na rialacha maidir le tuarastail foirne Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair, a leagtar síos i Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair.

(5) Chun leanúint de bheith comhsheasmhach leis an réamhphlé idir na Páirtithe Conarthacha maidir leis an ngníomh atá beartaithe, agus chun a áirithiú go mbeidh an t-innéacsú tuarastail bliantúil ag teacht le timthriall glactha bliantúil bhuiséad an Chomhphobail Iompair, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an chinnidh atá beartaithe ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh

(6) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag gníomh beartaithe an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh.

(7) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú i ndáil leis an gcinneadh thuasluaite a ghlacadh.

(8) Tá údar maith le tacú le glacadh an dréachtchinnidh atá i gceangal leis an gCinneadh seo, toisc go n-áireofar leis go leanfaidh tuarastail fhoirne na Buan-rúnaíochta de bheith

[4] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/392/oj).

iomaíoch, rud atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú cuí leanúnach na Buan-Rúnaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i nós imeachta glactha i scríbhinn Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair, atá beartaithe do mhí Eanáir 2026, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le tuarastail foirne Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair, a leagtar síos i Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*